



## **AN CHOMHAIRLE AIREACHTA THUaidh THEAS**

### **AN Séú CRUINIÚ IOMLÁNACH IS FICHE**

### **IN OIFIGÍ CHOMHRÚNAÍOCHT CATT, ARD MHACHA, AGUS TRÍ FHÍSCHOMHDHÁIL**

**30 IÚIL 2021**

### **COMHRÁITEAS**

1. Tionóladh an séú cruinniú iomlánach is fiche den Chomhairle Aireachta Thuaidh Theas (CATT) in Oifigí Chomhrúnaíocht CATT, Ard Mhacha, agus trí fhíschomhdháil, an 30 Iúil 2021.
2. Ba é an Taoiseach, Micheál Ó Máirtín TD a bhí i gceannas ar Rialtas na hÉireann agus a bhí ina chathaoirleach ar an gcruinniú. Ba iad an Chéad-Aire, Paul Givan CTR agus an Leas-Chéad-Aire, Michelle O'Neill CTR a bhí i gceannas ar Fheidhmeannas Thuaisceart Éireann. Tá liosta iomlán de chomhaltaí an dá thoscaireacht i gceangal leis seo mar larscríbhinn.
3. Ghuigh na hAirí rath ar gach lúthchleasaí as oileán na hÉireann atá san iomaíocht i gCluichí Oilimpeacha an tSamhraidh i dTóiceo, agus orthu siúd atá ag ullmhú chun dul in iomaíocht i gCluichí Parailimpeacha an tSamhraidh go luath.

### **TUARASCÁIL NA gCOMHRÚNAITHE AR AN DUL CHUN CINN**

4. Tugadh an tuairisc is déanaí don Chomhairle maidir leis na cruinnithe de CATT a tionóladh ó bhí an cruinniú iomlánach deireanach ann, cruinnithe sna hearnálacha Sláinte, Sábháilteachta Bia, Forbartha Trádála agus Gnó, Iompair, Uiscebhealaí Intíre, agus Oideachais. Thug na hAirí dá n-aire go bhfuil dlúthchomhar fós ann idir an dá

lucht riaracháin i ngach earnáil de CATT agus go gcuirfear na tuairiscí is déanaí ar fáil ag cruinnithe sa todhchaí.

5. Thug na hAirí dá n-aire go bhfuil sé i gceist filleadh ar chruinnithe i bpearsa den Chomhairle ar an leibhéal earnála, agus treoirínte sláinte poiblí á gcur i gcuntas, a luaithe a bheidh sé sábháilte é sin a dhéanamh, agus gur ar an mbonn sin a reáchtálfadh an Chomhrúnaíocht cruinnithe amach anseo.
6. Thug an Chomhairle dá haire gur foilsíodh Tuarascáil Bhliantúil ar an obair a rinne CATT le linn 2020.

### **AN FHREAGAIRT DO COVID-19**

7. Tugadh cuntas don Chomhairle ar an staid reatha sláinte poiblí agus ar an dlúthchomhar leanúnach atá ar bun mar fhreagairt do phaindéim Covid-19. Phléigh na hAirí an staid reatha sa dá dhlínse, lena n-áirítear an dul chun cinn maidir le leathadh amach na vacsaíní.
8. D'aithin an Chomhairle an cailteanas mór a bhain don iliomad daoine, agus na dúshláin ollmhóra atá rompu, mar thoradh ar phaindéim Covid-19. D'athdhearbhaigh na hAirí gur mór acu obair gach duine atá bainteach leis an bhfreagairt don phaindéim, go háirithe oibríthe sláinte agus cúraim shóisialaigh ar an túslíne agus an mórfhórsa saothair a choinnigh seirbhísí agus saoráidí bunriachtanacha ag feidhmiú.
9. D'aithin CATT an tionchar atá ag an bpaindéim ar an tsochaí agus ar an ngeilleagar, agus d'fháiltigh sé roimh na bearta a chuir an dá lucht riaracháin i ngníomh chun tacú le pobail agus le gnóthaí atá thíos leis an ngéarchéim agus chun cabhrú leis an téarnamh eacnamaíoch.
10. D'fháiltigh na hAirí roimh an dul chun cinn mór maidir le leathadh amach na vacsaíní, rud a raibh ról lárnach aige ó thaobh an tsochaí a athoscailt de réir a chéile.
11. Thug an Chomhairle dá haire gur breithníodh ceist na freagartha do Covid-19 le linn cruinnithe iomchuí den Chomhairle agus go leanfaidh earnálacha, más cuí, de bhreithniú a dhéanamh ar an gcaoi a bhféadfadh bealaí cur chuige comhoibríocha comhaontaithe cabhrú le cur chun cinn an téarnaimh eacnamaíoch agus shóisialta as paindéim Covid-19.

### **GEALLTANAI FAOIN gCOMHAONTÚ DEACÁID NUA, CUR CHUIGE NUA**

12. Thug CATT dá aire na forbairtí dearfacha maidir leis na gealltanais faoi *Deacáid Nua, Cur Chuige Nua* a sheachadadh.
13. Thug an Chomhairle dá haire gur foilsíodh an Tuarascáil Eatramhach ón gCoimisiún um Achomhairc Phleanála ar sheachadadh Chonair Iompair an Iarthair/an A5 ar an 16 Márta 2021, mar aon le freagra na Roinne Bonneagair ar gach moladh a rinne an Coimisiún.

14. Thug na hAirí dá n-aire go bhfuil an dá lucht riaracháin fós ag obair le chéile chun tionscadal athchóirithe Chanáil Uladh a chur ar aghaidh, gur chuir Rialtas na hÉireann €12.2 milliún ar fáil mar mhaoiniú trí Chiste an Oileáin Chomhroinnte agus tríd an gCiste um Athghiniúint agus Forbairt Tuaithe i gcomhair Chéim 2 den tionscadal (Cluain Fada go Cluain Eois), agus go bhfuiltear ag súil go gcríochnófar an chuid is mó de na hoibreacha bonneagair in 2023. Thug na hAirí dá n-aire freisin gur cumasaíodh d'Uiscebhealaí Éireann, de bharr maoiniú €1 mhiliún ó Chiste an Oileáin Chomhroinnte a ceadaíodh, obair réamhforbartha ar Chéim 3 a luathú sa mhéid go dtabharfar trí fhochuid ar aghaidh le haghaidh ceadú maoiniúcháin níos déanaí sa bhliain.
15. Thug an Chomhairle dá haire go bhfuil an fhorbairt ar Ghlasbhealach Chanáil Uladh, glasbhealach 22 km ar fhad feadh bhealach na canála nach bhfuil in úsáid idir na Mullaí, Co. Mhuineacháin agus Coillidh Chanannáin, Co. Ard Mhacha, ag dul ar aghaidh agus go bhfuil iarratas déanta ar chead pleanála le haghaidh na coda ó Mhuineachán go Coillidh Chanannáin.
16. Thug an Chomhairle dá haire comhsheoladh an Athbhreithnithe Straitéisigh Iarnróid uile-oileáin ag na hAirí Ó Riain agus Mallon in Aibreán 2021.
17. Thug na hAirí dá n-aire gur gealladh €3 mhiliún a thabhairt as Ciste an Oileáin Chomhroinnte de chuid Rialtas na hÉireann chun go dtabharfar tionscadal Dhroichead Chaol Uisce chuig céim na tairisceana agus pleananna deartha atá ann cheana á n-úsáid, agus d'athdhearbhaigh na hAirí an tosaíocht atá an dá lucht riaracháin ag tabhairt don tionscadal.
18. Thug CATT dá aire go bhfuil an t-athbhreithniú ar aernascacht á chur ar aghaidh ag an Roinn Iompair agus go ndearna an Roinn plé le geallsealbhóirí de chuid an tionscadail, lena n-áirítear ionadaithe ó Aerfort Chorcaí, Aerfort Chathair Dhoire agus Aerfort Bhaile Átha Cliath agus ón dá aerfort i mBéal Feirste, mar aon le hionadaithe ón Roinn Geilleagair agus ón Roinn Iompair (RA). Tá an chuid is mó den anailís curtha i gcrích agus tá doiciméadacht an athbhreithnithe, ina mbreithneofar nascacht réigiúnach, inbhuanaitheacht agus an t-athrú aeráide, á hullmhú.
19. Thug na hAirí dá n-aire an obair atá á déanamh ag Comhairle Contae Liatroma agus ag Comhairle Ceantair Fhear Manach agus na hÓmaí chun forbairt Ghlasbhealach Shligigh-Inis Ceithleann a thabhairt ar aghaidh mar chomhthionscadal, lena n-áirítear tairiscint le haghaidh sainchomhairleoirí teicniúla a eisiúint i mí Aibreáin.
20. Thug CATT dá aire go bhfuil oifigigh shinsearacha ón Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta agus ón Roinn Geilleagair fós ag comhoibriú le chéile agus i dteagmháil le geallsealbhóirí maidir le soláthar ardoideachais i Réigiún an Iarthuaiscirt.
21. Thug na hAirí dá n-aire go bhfuil pléití fós ar siúl idir na geallsealbhóirí ar fad (lena n-áirítear an Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta, an Roinn Geilleagair, Fondúireacht Eolaíochta Éireann, agus UK Research and Innovation) ar Mhoil Taighde Uile-Oileáin, agus go bhfuil comhaontú ginearálta ann i ndáil le tosaíochtaí téamacha.

22. Thug an Chomhairle dá haire gur gealladh €40 milliún a thabhairt ó Chiste an Oileáin Chomhroinnte de chuid Rialtas na hÉireann le haghaidh Clár Taighde Thuaidh-Theas nua a mhairfidh cúig bliana chun comhoibriú idir forais ardoideachais sa dá dhlínse a chothú.
23. Thug an Chomhairle dá haire go bhfuil ráiteas nuashonraithe de thosaíochtaí straitéiseacha le haghaidh Réigiún an Iarthuaiscirt curtha faoi bhráid CATT ag Comhairle Ceantair Chathair Dhoire agus an tSratha Bháin agus ag Comhairle Contae Dhún na nGall chun cur le rannpháirtíocht leanúnach an dá lucht riaracháin i gComhpháirtíocht Fáis Straitéisigh an Iarthuaiscirt.
24. Thug na hAirí dá n-aire go bhfuil pléití ar bun ar shocruithe le haghaidh céim bhreise de Chiste Forbartha an Iarthuaiscirt; go ndéanfaidh Rialtas na hÉireann €1 mhilliún sa bhreis a leithdháileadh in 2021 chun an chéim reatha den Chiste a fhadú; agus go bhfuil breithniú fós á dhéanamh maidir le socruithe le haghaidh an dara céim den Chiste.
25. Chomhaontaigh an Chomhairle gur chóir na gealltanais faoi *Deacáid Nua, Cur Chuige Nua* a choimeád ar an gclár oibre ag cruinnithe earnála iomchuí de CATT agus go gcuirfear na tuairiscí is déanaí ar fáil ag cruinnithe iomlánacha de CATT sa todhchaí.

## **CLÁR PEACE PLUS**

26. Chuimhnigh CATT gur thug an Feidhmeannas agus Rialtas na hÉireann araon dá n-aire dréacht-tograí cláir i gcomhair clár PEACE PLUS sular seoladh comhairliúchán poiblí i dtaobh na dtograí.
27. Thug na hAirí dá n-aire gur sheol Comhlacht na gClár Speisialta AE comhairliúchán poiblí ar an dréachtchlár PEACE PLUS ó mhí an Mhárta go mí na Bealtaine, agus go bhfuarthas breis agus 400 freagra.
28. Thug an Chomhairle dá haire nach bhfuil bailchríoch curtha ar chandam beacht an chláir PEACE PLUS go fóill, ach go bhfuiltear ag súil go mbeidh sé os cionn €1 bhilliún, agus go gcuirfear na tograí mionsonraithe deiridh le haghaidh an chláir PEACE PLUS faoi bhráid an dá lucht riaracháin agus an Choimisiúin Eorpaigh agus na Comhairle lena gceadú a luaithe is féidir.

## **NITHE A BHAINNEAN LE RIALACHAS CORPARÁIDEACH**

29. Cheadaigh CATT Plean Gnó Ghníomhaireacht na Lochanna i gcomhair 2021, plean a cuireadh i gcrích de réir teorú comhaontaithe a d'eisigh an Roinn Airgeadas agus an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, agus a chomhaontaigh Ranna Tionscnóra agus Airí Airgeadais, agus mhol CATT soláthar buiséid/deontais £5.147/€5.916 milliún le haghaidh 2021.
30. Chomhaontaigh an Chomhairle gur ceapachán buan é an ceapachán chun post Phríomhfheidhmeannach Ghníomhaireacht na Lochanna.

31. Cheadaigh an Chomhairle Plean Gnó Thurasóireacht Éireann i gcomhair 2021 agus mhol sí soláthar buiséid/deontais €67.238/£58.497 milliún (lena n-áirítear costais phinsin), athrú ar an gcoibhneas bunaithe le haghaidh 2021.
32. Cheadaigh na hAirí Pleananna Gnó athbhreithnithe an dá Gníomhaireacht den Fhoras Teanga le haghaidh 2021, agus mhol siad an soláthar buiséid athbhreithnithe, €16,082,967 (£13,992,181) d'Fhoras na Gaeilge agus £2,548,978 (€2,929,860) do Gníomhaireacht na hUltaise i gcomhair 2021.
33. Thug an Chomhairle dá haire an próiseas chun Príomhoifigeach Feidhmiúcháin le haghaidh Fhoras na Gaeilge a earcú, agus a cheapadh dá éis, faoi réir nósanna imeachta atá i bhfeidhm cheana ag CATT agus ag an Roinn Airgeadais, agus cheadaigh an Chomhairle na socruithe eatramhacha a chuirfeadh i bhfeidhm chun gnó na gníomhaireachta a bhainistiú i gcás nach mbeidh iarrthóir sa phost roimh an 2 Nollaig 2021.
34. Chomhaontaigh na hAirí na téarmaí tagartha le haghaidh athbhreithniú eagraíochtúil neamhspleách ar Chomhlacht na gClár Speisialta AE.

### **CEAPACHÁIN CHUN BORD**

35. Cheap CATT Ian Doherty agus Conor McGuinness chun Bord Fhoras na Gaeilge le haghaidh na tréimhse ó 30 Iúil 2021 go 29 Iúil 2026. Beidh an tUasal McGuinness ina Leas-Chathaoirleach ar an mBord le haghaidh na tréimhse go dtí an 29 Eanáir 2024. Ina theannta sin, cheap an Chomhairle Trevor Wilson chun Gníomhaireacht na hUltaise le haghaidh na tréimhse ó 13 Nollaig 2021 go 12 Nollaig 2026.
36. Cheap an Chomhairle Nóirín Hegarty mar Stiúrthóir ar Bhord Thurasóireacht Éireann, agus mar Leas-Chathaoirleach ar an mBord, le haghaidh na tréimhse ó 19 Nollaig 2021 go 18 Nollaig 2026.
37. Cheap an Chomhairle Alan Lewis chun Bord Comhairleach an Bhoird um Chur chun Cinn Sábháilteachta Bia (*safefood*) le haghaidh na tréimhse ó 30 Iúil 2021 go 29 Iúil 2026.
38. Cheap an Chomhairle Danny Kennedy chun Bord Choimisiún an Fheabhail, Chairlín agus Shoilse na hÉireann (Gníomhaireacht na Lochanna) le haghaidh na tréimhse ó 30 Iúil 2021 go 29 Iúil 2026.

### **CRUINNITHE DE CATT SA TODHCHAÍ**

39. Cheadaigh an Chomhairle sceideal táscach de chruinnithe de CATT sa todhchaí agus chomhaontaigh sí go dtionólfar an chéad chruinniú iomlánach de CATT i mí na Nollag 2021.

**An Chomhrúnaíocht**  
**30 Iúil 2021**

[www.northsouthministerialcouncil.org](http://www.northsouthministerialcouncil.org)

**CRUINIÚ DEN CHOMHAIRLE AIREACHTA THUaidh THEAS  
30 IÚIL 2021**

<b>Rialtas na hÉireann</b>	<b>Feidhmeannas Thuaisceart Éireann</b>
Micheál Ó Máirtín TD An Taoiseach	Paul Givan CTR An Chéad-Aire
Leo Varadkar TD An Tánaiste agus an tAire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta	Michelle O'Neill CTR An Leas-Chéad-Aire
Éamon Ó Riain TD An tAire Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide agus an tAire Iompair	Deirdre Hargey CTR An tAire Pobal
Micheál Mac Craith TD An tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe	Naomi Long CTR An tAire Dlí agus Cirt
Síomón Ó Cómhannaigh TD An tAire Gnóthaí Eachtracha agus an tAire Cosanta	Gordon Lyons CTR An tAire Geilleagair
Norma Ní Fhoghlú TD An tAire Oideachais	Nichola Mallon CTR An tAire Bonneagair
Caitríona Ní Mháirtín TD An tAire Tuarasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán	Michelle McIlveen CTR An tAire Oideachais
Stiofán Ó Donnghaile TD An tAire Sláinte	Conor Murphy CTR An tAire Airgeadais
Síomón ó hEarchaí TD An tAire Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta	Edwin Poots CTR An tAire Talmhaíochta, Comhshaoil agus Gnóthaí Tuaithe
Cathal Mac Conaill Óig TD An tAire Talmhaíochta, Bia agus Mara	Declan Kearney CTR Aire Sóisearach, Oifig an Fheidhmeannais
	Gary Middleton CTR Aire Sóisearach, Oifig an Fheidhmeannais